Coimisiún na Meán

# Rialacha Clárúcháin le haghaidh Soláthraithe Seirbhíse Meán

Nuashonruithe
Feabhra 2025

# Clár Ábhar


**Réamhrá** **3**

**1. Léirmhíniú** **3**

**2. Eolas atá le háireamh sa Chlár** **4**

**3. An t-eolas atá le soláthar ag soláthraithe seirbhíse meán** **4**

**4. Fógra faoi athruithe ar an eolas a sholáthraítear** **5**

**5. Athbhreithniú agus ceartú arna ndéanamh ar an gClár ag an gCoimisiún** **5**

**6. Iarrataí ar bhreis eolais ón gCoimisiún** **6**

**7. Orduithe ón gCoimisiún chun alt 46B a chomhlíonadh** **6**

**8. Orduithe ón gCoimisiún alt 46C a chomhlíonadh** **7**

**9. Orduithe ón gCoimisiún alt 46D(2) nó alt 46E(4) a chomhlíonadh** **7**

**10. Baint iontrálacha a bhaineann le soláthraí nó seirbhís** **8**

**Sceideal 1** **9**

Foirm um Fhógra 9

**Sceideal 2** **12**

Alt 2A (An bhrí le “faoi dhlínse an Stáit”) 12

# Réamhrá

Coimisiún na Meán, de bhun alt 46H(1) den Acht Craolacháin 2009 arna leasú, agus ag féachaint d'éifeachtúlacht an phróisis clárúcháin agus don ghá chun clár atá cothrom le dáta a choinneáil ar bun, déanann sé na Rialacha seo a leanas ar féidir tagairt a dhéanamh dóibh mar na "*Rialacha Clárúcháin le haghaidh Soláthraithe Seirbhíse Meán*".

Má theastaíonn tuilleadh eolais nó soiléirithe uait maidir leis na Rialacha seo, déan teagmháil le VODregistration@cnam.ie agus cuideoidh ball foirne leat.

## 1. Léirmhíniú

Sna Rialacha seo, mura n-éilítear a mhalairt de réir an chomhthéacs:

| | |
|---|---|
| "Acht 2009" | ciallaíonn sé sin an tAcht Craolacháin 2009 arna leasú. |
| "seirbhís craolacháin closamhairc" | ciallaíonn sé sin seirbhís meán closamhairc a chuirtear ar fáil le féachaint go comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach ar chláir chlosamhairc ar bhonn sceideal clár. |
| "seirbhís meán closamhairc" | ciallaíonn sé sin:<br><br>(a) seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcás —<br><br>(i) ina bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse tiomnaithe don mhéid seo a leanas,<br>nó<br><br>(ii) ina bhfuil príomhchuspóir cuid indealaithe den tseirbhís tiomnaithe don mhéid seo a leanas,<br><br>cláir chlosamhairc a sholáthar, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt; nó<br><br>(b) cumarsáid tráchtála chlosamhairc (mar a shainmhínítear in Acht 2009). |
| "seirbhís meán closamhairc ar éileamh" | ciallaíonn sé sin seirbhís meán closamhairc a sholáthraítear le go bhféachfar ar chláir ag an tráth a roghnaíonn an t-úsáideoir agus ar iarratas ón úsáideoir, ar bhonn catalóg clár arna roghnú ag soláthraí na seirbhíse. |
| "clár closamhairc" | ciallaíonn sé sin sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim arb é an rud atá i gceist leis, i gcás seirbhís meán closamhairc, mír aonair, gan beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg clár. |

| | |
|---|---|
| "Coimisiún" | ciallaíonn sé sin Coimisiún na Meán. |
| "soláthraí seirbhíse meán" | ciallaíonn sé sin duine a chuireann seirbhís meán closamhairc ar fáil. |
| "Clár" | ciallaíonn sé sin clár soláthraithe seirbhíse meán arna bhunú agus arna choinneáil ar bun ag an gCoimisiún de bhun alt 46A d'Acht 2009. |

## 2. Eolas atá le háireamh sa Chlár

2.1 Áireofar an t-eolas seo a leanas sa Chlár i leith gach soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin -

(a) Ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhíse meán.

(b) Sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhíse meán.

(c) Ainm nó ainmneacha gach seirbhíse meán closamhairc ar éileamh arna soláthar ag an soláthraí seirbhíse meán.

(d) I ngach cás, cur síos ar chineál na seirbhíse agus cineál an ábhair arna soláthar ag an tseirbhís.

(e) Ráiteas maidir leis an mbonn ar a bhfuil an soláthraí seirbhíse meán faoi dhlínse an Stáit.

(f) Cibé ábhair bhreise nó eile a fhorordóidh an Coimisiún faoi alt 46H.

## 3. An t-eolas atá le soláthar ag soláthraithe seirbhíse meán

3.1 Déanfaidh soláthraí seirbhíse meán atá faoi réir clárúcháin fógra a thabhairt don Choimisiún, tráth nach déanaí ná deich (10) lá oibre ón dáta a thagann an soláthraí chun bheith faoi réir clárúcháin, maidir leis na hábhair agus leis an eolas seo a leanas i gcomhréir le Riail 3.2 -

(a) Ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhíse meán.

(b) Sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhíse meán.

(c) Ainm nó ainmneacha gach seirbhíse meán closamhairc ar éileamh arna soláthar ag an soláthraí seirbhíse meán.

(d) I ngach cás, cur síos ar chineál na seirbhíse agus cineál an ábhair arna soláthar ag an tseirbhís.

(e) Ráiteas maidir leis an mbonn ar a measann an soláthraí seirbhíse meán go bhfuil sé nó sí faoi dhlínse an Stáit.

(f) Cibé ábhair bhreise nó eile a fhorordóidh an Coimisiún faoi na Rialacha seo, lena n-áirítear tríd an bhFoirm fhorordaithe um Fhógra a nuashonrú ó am go chéile.

3.2 Soláthrófar an fógra ar an bhFoirm fhorordaithe um Fhógra ag Sceideal 1.[1]

3.3 Ní chuirtear cosc, le haon ní sa Riail 3 seo ná san Fhoirm fhorordaithe um Fhógra, ar eolas breise a bheith á sholáthar ag soláthraí seirbhíse meán i gcás ina meastar go bhfuil an t-eolas breise sin ábhartha do chlárúchán féideartha an tsoláthraí seirbhíse meán.

# 4. Fógra faoi athruithe ar an eolas a sholáthraítear

4.1 De bhun alt 46C d'Acht 2009, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse meán ar an gClár fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le haon athrú ar an eolas a sholáthraítear (mar a leagtar amach i Riail 3.1 nó san Fhoirm um Fhógra). Ceanglaítear fógra den sórt sin a thabhairt don Choimisiún tráth nach déanaí ná deich (10) lá oibre ón dáta ar tharla an t-athrú nó na hathruithe ábhartha.

4.2 Ní mór fógra faoi Riail 4.1 a sholáthar ar an bhFoirm fhorordaithe um Fhógra ag Sceideal 1. Ceanglaítear ar an soláthraí seirbhíse meán an t-eolas san Fhoirm um Fhógra agus/nó sa Chlár a athraíodh a shainaithint go soiléir, sonraí iomlána ar an eolas nua a sholáthar agus aon athruithe is gá a dhéanamh ar an gClár a shainaithint.

# 5. Athbhreithniú agus ceartú arna ndéanamh ar an gClár ag an gCoimisiún

5.1 I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún fógra ó sholáthraí seirbhíse meán faoi Rialacha 3 nó 4, athbhreithneoidh agus fíoróidh sé an t-eolas a sholáthraítear, agus féadfaidh sé iarraidh ar eolas a eisiúint faoi Riail 6 thíos. Ní mór don Choimisiún cinneadh a dhéanamh i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil an soláthraí faoi réir clárúcháin, nó maidir leis an iontráil iomchuí sa Chlár nó leis an athrú iomchuí ann, a luaithe is indéanta.

5.2 I gcás ina gcinneann an Coimisiún nach bhfuil soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin, tabharfaidh sé fógra don soláthraí maidir leis an gcinneadh sin agus soláthróidh sé a chúiseanna.

5.3 I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin, nó i gcás ina mbeidh fógra tugtha ag soláthraí seirbhíse meán ar an gClár maidir le hathrú faoi Riail 4, tabharfaidh an Coimisiún fógra don soláthraí maidir lena chinneadh agus (mar is iomchuí) soláthróidh sé cóip d'aon iontráil nua sa Chlár, nó ráiteas maidir le haon leasú ar an gClár.

5.4 Is féidir leis an gCoimisiún an Clár a leasú má tá sé sásta, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár nó ar shlí eile, nach bhfuil soláthraí a mbaineann iontráil leis nó léi faoi réir clárúcháin nó go bhfuil an t-eolas a áirítear sa Chlár mícheart. I gcás ina mbíonn an Coimisiún den tuairim sin go sealadach, rachaidh sé, i gcás inarb indéanta, i gcomhairle leis an soláthraí lena mbaineann roimh an gClár a leasú.

5.5 I gcás ina gcinneann an Coimisiún an Clár a leasú, tabharfaidh sé fógra don soláthraí seirbhíse meán maidir le haon leasú a dhéantar.

[1] Tá leagan MS Word den Fhoirm um Fhógra le fáil freisin ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán ag Soláthraithe Seirbhíse Meán a Chlárú – Coimisiún na Meán

## 6. Iarrataí ar bhreis eolais ón gCoimisiún

6.1 Féadfaidh an Coimisiún eolas breise a iarraidh ar sholáthraí seirbhíse meán ag a mbeidh fógra tugtha don Choimisiún á rá:

(a) go bhfuil an soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin (de bhun alt 46B d'Acht 2009),

nó

(b) go ndearnadh athrú ar an eolas a soláthraíodh faoi Riail 3.1 nó san Fhoirm um Fhógra.

6.2 Maidir le hiarraidh faoi Riail 6.1(a):

(a) féadfar í a dhéanamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin agus/nó chun an iontráil iomchuí is gá a dhéanamh sa Chlár a chinneadh;

(b) sonrófar inti an tréimhse ama a gceanglaítear ar an soláthraí seirbhíse meán an iarraidh a chomhlíonadh laistigh di;

(c) cuirfear in iúl don soláthraí seirbhíse meán inti, mura gcomhlíontar an iarraidh, go bhféadfaidh an Coimisiún ordú a eisiúint í a chomhlíonadh de bhun alt 46F.

6.3 Maidir le hiarraidh faoi Riail 6.1(b):

(a) sonrófar inti an tréimhse ama a gceanglaítear ar an soláthraí seirbhíse meán an iarraidh a chomhlíonadh laistigh di;

(b) cuirfear in iúl don soláthraí seirbhíse meán inti, mura gcomhlíontar an iarraidh, go bhféadfaidh an Coimisiún ordú a eisiúint í a chomhlíonadh de bhun alt 46F.

6.4 Féadfaidh an Coimisiún eolas breise a iarraidh ó sholáthraí chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart leasú a dhéanamh i gcomhréir le Riail 5.4 thuas.

## 7. Orduithe ón gCoimisiún chun alt 46B a chomhlíonadh

7.1 Nuair is léir don Choimisiún go bhfuil soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin agus nár chuir sé fógra ar fáil don Choimisiún maidir leis sin i gcomhréir le halt 46B, féadfaidh an Coimisiún ordú comhlíontachta a eisiúint don soláthraí seirbhíse meán sin.

7.2 Roimh ordú den sórt sin a eisiúint i gcomhréir le Riail 7.1, soláthróidh an Coimisiún deis don soláthraí sin uiríll a dhéanamh chuig an gCoimisiún i leith a mhainneachtana follasaí comhlíonadh a dhéanamh. Soláthróidh an Coimisiún tréimhse réasúnach le haghaidh na n-uiríoll sin, agus is iondúil nach mbíonn sí níos gairide ná cúig (5) lá oibre.

7.3 Le hordú faoi Riail 7.1 áireofar:

(a) na cúiseanna leis an gcinneadh ón gCoimisiún go bhfuil an soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin;

(b) na cúiseanna leis an gcinneadh ón gCoimisiún gur mhainnigh an soláthraí seirbhíse meán alt 46B a chomhlíonadh;

(c) na bearta a gceanglaítear ar an soláthraí seirbhíse meán iad a dhéanamh;

(d) an tréimhse ar laistigh di a cheanglaítear ar an soláthraí seirbhíse meán an t-ordú a chomhlíonadh;

(e) fógra á rá go bhféadfaidh an soláthraí seirbhíse meán achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda in aghaidh an ordaithe ón gCoimisiún, agus sin laistigh de 28 lá ón ordú a fháil;

(f) ráiteas á rá gur cion de chatagóir 2 é mainneachtain ordú a dhéantar faoi alt 46F a chomhlíonadh gan leithscéal réasúnach.

## 8. Orduithe ón gCoimisiún alt 46C a chomhlíonadh

8.1 Nuair is léir don Choimisiún gur mhainnigh soláthraí seirbhíse meán fógra a thabhairt don Choimisiún de bhun alt 46C maidir le hathrú nó athruithe ar an eolas a sholáthraítear faoi Riail 3.1 nó san Fhoirm um Fhógra, féadfaidh an Coimisiún ordú comhlíontachta a eisiúint don soláthraí seirbhíse meán sin.

8.2 Roimh ordú den sórt sin a eisiúint i gcomhréir le Riail 8.1, soláthróidh an Coimisiún deis don soláthraí sin uiríll a dhéanamh chuig an gCoimisiún i leith a mhainneachtana follasaí comhlíonadh a dhéanamh. Soláthróidh an Coimisiún tréimhse réasúnach le haghaidh na n-uiríoll sin, agus is iondúil nach mbíonn sí níos gairide ná cúig (5) lá oibre.

8.3 Le hordú faoi Riail 8.1 áireofar:

(a) na cúiseanna le cinneadh an Choimisiúin go ndearnadh athrú nó athruithe ábhartha;

(b) na cúiseanna leis an gcinneadh ón gCoimisiún gur mhainnigh an soláthraí seirbhíse meán alt 46C a chomhlíonadh;

(c) na bearta a gceanglaítear ar an soláthraí seirbhíse meán iad a dhéanamh;

(d) an tréimhse ar laistigh di a cheanglaítear ar an soláthraí seirbhíse meán an t-ordú a chomhlíonadh;

(e) fógra á rá go bhféadfaidh an soláthraí seirbhíse meán achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda in aghaidh an ordaithe ón gCoimisiún, agus sin laistigh de 28 lá ón ordú a fháil;

(f) ráiteas á rá gur cion de chatagóir 2 é mainneachtain ordú a dhéantar faoi alt 46F a chomhlíonadh gan leithscéal réasúnach.

## 9. Orduithe ón gCoimisiún alt 46D(2) nó alt 46E(4) a chomhlíonadh

9.1 Nuair is léir don Choimisiún nár chuir soláthraí seirbhíse meán tuilleadh eolais ar fáil arna iarraidh sin don Choimisiún i gcomhréir le halt 46D(2) nó alt 46E(4), féadfaidh an Coimisiún ordú comhlíontachta a eisiúint don soláthraí seirbhíse meán sin.

9.2 Roimh ordú den sórt sin a eisiúint i gcomhréir le Riail 9.1, soláthróidh an Coimisiún deis don soláthraí sin uiríll a dhéanamh chuig an gCoimisiún i leith a mhainneachtana follasaí comhlíonadh a dhéanamh. Soláthróidh an Coimisiún tréimhse réasúnach le haghaidh na n-uiríoll sin, agus is iondúil nach mbíonn sí níos gairide ná cúig (5) lá oibre.

9.3 Le hordú faoi Riail 9.1 áireofar:

(a) mionsonraí iomlána na hiarrata nó na n-iarrataí ar thuilleadh eolais nár chomhlíon an soláthraí seirbhíse meán;

(b) na cúiseanna leis an gcinneadh ón gCoimisiún nár chomhlíon an soláthraí seirbhíse meán alt 46D(2) ná alt 46E(4);

(c) na bearta a gceanglaítear ar an soláthraí seirbhíse meán iad a dhéanamh;

(d) an tréimhse ar laistigh di a cheanglaítear ar an soláthraí seirbhíse meán an t-ordú a chomhlíonadh;

(e) fógra á rá gur cion de chatagóir 2 atá i gceist le mainneachtain ordú a dhéantar faoi alt 46F a chomhlíonadh gan leithscéal réasúnach.

## 10. Baint iontrálacha a bhaineann le soláthraí nó seirbhís

10.1 Más rud é, faoi Riail 5.3 nó 5.4, go mbaineann an Coimisiún an iontráil a bhaineann le soláthraí seirbhíse meán den chlár, nó go mbaineann sé tagairt do sholáthraí seirbhíse meán closamhairc den iontráil a bhaineann le soláthraí seirbhíse meán, cuirfidh an Coimisiún ráiteas chuige sin, agus ráiteas maidir leis na cúiseanna leis an mbaint sin, sa chlár.

# Sceideal 1

## Foirm um Fhógra

**Tabhair faoi deara:** I gcás ina bhfuil an fhoirm á comhlánú agat i leith athrú faoi Riail 4.1, iarrtar ort an fhoirm a chomhlánú ina hiomláine. Mura ndearnadh aon athrú ar chuid ar leith den fhoirm, scríobh “gan athrú” nó “ní bhaineann le hábhar”.

**1. Ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhíse meán.**

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil –

1.1. Ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhíse meán a sholáthraíonn an tseirbhís nó na seirbhísí ar éileamh. Sonraigh cibé acu is duine dlítheanach nó duine nádúrtha an soláthraí seirbhíse meán.

1.2 Más eintiteas dlíthiúil é an soláthraí seirbhíse meán, e.g. comhlacht corparáideach, comharchumann etc., cuir uimhir chlárúcháin/aitheantais na cuideachta nó doiciméadacht choibhéiseach ar fáil.

1.3 Má tá seirbhís craolacháin nó seirbhís ar éileamh ag an soláthraí seirbhíse meán nó má oibríonn sé nó sí ceann, nó má bhí seirbhís den sórt sin aige nó aici roimhe sin nó má d’oibrigh sé nó sí ceann díobh roimhe sin, soláthair sonraí maidir leis sin.

**2. Sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhíse meán.**

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil –

2.1 Oifig chláraithe/seoladh brainse an tsoláthraí seirbhíse meán.

2.2 Sonraí teagmhála lenar féidir leis an **bpobal** dul i dteagmháil leis an soláthraí seirbhíse meán, lena n-áirítear i leith na seirbhíse atá á hoibriú/na seirbhísí atá á n-oibriú.

2.3 Sonraí teagmhála an duine a bheidh ag déileáil leis an gCoimisiún maidir leis an bpróiseas um **fhógra**.

2.4 Sonraí teagmhála an duine a bheidh ag déileáil le cúrsaí **comhlíontachta**, má chuirtear an tseirbhís san áireamh ar an gclár reachtúil tar éis fógra a thabhairt.

2.5 Ainmneacha agus seoltaí **stiúrthóirí** an tsoláthraí seirbhíse meán.

**3. Ainm nó ainmneacha gach seirbhíse meán closamhairc ar éileamh arna cur ar fáil ag an soláthraí seirbhíse meán.**

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil –

3.1 Ainm trádála na seirbhíse nó na seirbhísí ar éileamh atá á soláthar lena n-áirítear, má tá siad éagsúil le chéile, an t-ainm a úsáidtear chun gach seirbhís a chur chun cinn agus a bhrandáil don phobal.

**4. I ngach cás, cur síos ar an gcineál seirbhíse agus ar an gcineál ábhair arna soláthar tríd an tseirbhís arna soláthar ag an soláthraí seirbhíse meán.**

4.1 <u>An cineál Seirbhíse/Seirbhísí</u>

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil –

4.1.1 **Cur síos gairid ar an gcineál seirbhíse.** Áireofar leis sin cibé acu a sholáthraíonn an tseirbhís ábhar bunaidh, saoráid athdheise, seirbhísí cartlainne nó seirbhísí eile. I gcás ina soláthraíonn an tseirbhís meascán de na nithe thuas, tabharfar sonraí faoi gach cineál seirbhíse.

4.1.2 **Eolas ar an tsamhail mhaoinithe le haghaidh gach seirbhíse.** Ba cheart a thabhairt le fios ansin cibé acu a úsáideann an tseirbhís/na seirbhísí samhail idirbheartaíochta, síntiúis, seirbhís arna maoiniú ag fógróir nó samhail mhaoinithe eile.[2] I gcás inar seirbhís saoramhairc atá i gceist leis an tseirbhís, tabharfar sonraí faoin tsamhail mhaoinithe e.g., tá an tseirbhís saor in aisce d'úsáideoirí,[3] ach maoiníonn fógróir í.

4.1.3 **Eolas ar an sprioclucht féachana nó éisteachta don tseirbhís.** Ba cheart a áireamh ansin cibé acu is é pobal na hÉireann an sprioclucht féachana nó éisteachta nó pobal in áit éigin eile. Más áit eile, liostófar na dlínsí eile is sprioclucht féachana nó éisteachta, lena n-áirítear eolas ar cé acu is ann do phríomh-sprioclucht féachana nó éisteachta i ndlínse eile nó nach ann agus cé acu is ball den Aontas Eorpach í an dlínse nó nach ea.

4.1.4 **Eolas ar na bealaí éagsúla ar féidir leis an bpobal rochtain a fháil ar an tseirbhís ar éileamh.** Ba cheart a áireamh ansin aon eolas ar rochtain trí bhíthin aipeanna, ar líne, boscaí bairr (lena n-áirítear na cinn siúd faoi rialú díreach an tsoláthraí seirbhíse meán) nó ar bhealaí eile.

4.2 <u>An Cineál Ábhair</u>

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil –

4.2.1 **Cur síos gairid ar an gcineál ábhair.** Ba cheart a áireamh ansin seánra an chláir/na gclár atáthar a chur ar fáil, an aoisghrúpa/na haoisghrúpaí ar a bhfuil an t-ábhar dírithe, agus eolas eile a mheasann an soláthraí seirbhíse meán a bheith ábhartha.

**5. Ráiteas ar an mbonn ar a measann an soláthraí seirbhíse meán go bhfuil sé faoi dhlínse an Stáit.**

5.1 Agus tagairt shonrach á déanamh d'alt 2A d'Acht 2009 (a leagtar amach i Sceideal 2), tabhair breac-chuntas ar conas atá an soláthraí seirbhíse meán faoi dhlínse an Stáit.

[2] Maoiniú poiblí san áireamh.
[3] Áirítear le seirbhís saoramhairc seirbhís arna maoiniú le táille ceadúnais teilifíse nó córas comhchosúil.

## 6. Ráiteas maidir leis an mbonn ar a measann an soláthraí seirbhíse meán gur "soláthraí seirbhíse meán ábhartha" é nó í faoi alt 46I den Acht.

Freagair na ceisteanna seo a leanas –

6.1 An corparáid, nó fochuideachta de chorparáid, an soláthraí seirbhíse meán, is é sin RTÉ nó TG4?

6.2 An bhfuil conradh craoltóireachta ag an soláthraí seirbhíse meán a rinneadh faoi alt 63, 64, 68 nó 70 den Acht?

6.3 An bhfoilsíonn an soláthraí seirbhíse meán nó duine gaolmhar[4] nuachtán nó tréimhseachán arb éard atá ann go substaintiúil nuacht agus tráchtaireacht ar chúrsaí reatha?

6.4 An craoltóir an soláthraí seirbhíse meán nó duine gaolmhar?

6.5 An soláthraíonn an soláthraí seirbhíse meán nó duine gaolmhar bunábhar clár, arb éard atá ann go substaintiúil nuacht agus tráchtaireacht ar chúrsaí reatha, do chraoltóir?

6.6 An ndéanann an soláthraí seirbhíse meán nó duine gaolmhar aon ábhar scríofa, fuaime, closamhairc nó fótagrafach a chur ar fáil ar chumarsáid leictreonach, arb éard atá ann go substaintiúil nuacht agus tráchtaireacht ar chúrsaí reachta faoina rialú eagarthóireachta?

6.7 An bhfuil na díolacháin bhliantúla a dhíorthaítear ó na gníomhaíochtaí ag 6.3-6.6 thuas níos mó ná €2 mhilliún?

[4] Duine gaolmhar is ea duine má tá an duine mar chuid den ghrúpa céanna cuideachtaí (de réir na brí a thugtar don téarma sin le halt 8 d'Acht na gCuideachtaí, 2014).

# Sceideal 2

## Alt 2A (An bhrí le “faoi dhlínse an Stáit”)

(1) Chun críocha an Achta seo, an cheist i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil soláthraí seirbhíse meán faoi dhlínse an Stáit (nó Ballstáit eile), cinnfear í i gcomhréir leis an gcuid seo.

(2) Tá soláthraí seirbhíse meán faoi dhlínse Ballstáit más amhlaidh, faoi fho-alt (5), atá sé nó sí bunaithe sa stát sin.

(3) Mura bhfuil soláthraí seirbhíse meán, faoi fho-alt (5), bunaithe i mBallstát, tá an soláthraí faoi dhlínse Ballstáit más rud é—

(a) go n-úsáideann sé nó sí uasnasc satailíte suite sa stát sin, nó

(b) go n-úsáideann sé nó sí acmhainneacht satailíte a bhaineann leis an stát sin.

(4) Mura gcinntear le fo-ailt (2) agus (3) an cheist i ndáil le soláthraí seirbhíse meán, tá an soláthraí faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe de réir bhrí Airteagail 49 go 55 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(5) Tá feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le soláthraí seirbhíse meán chun críocha fho-ailt (2) agus (3):

(a) má tá ceannoifig an tsoláthraí i mBallstát, agus go ndéantar na cinntí eagarthóireachta ábhartha sa Bhallstát céanna, tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát sin;

(b) má tá ceannoifig an tsoláthraí i mBallstát, agus go ndéantar na cinntí eagarthóireachta ábhartha i mBallstát eile, ansin—

(i) más amhlaidh a oibríonn cuid shuntasach den lucht saothair, ag a bhfuil baint le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc a bhaineann le cláir, sa Bhallstát ina bhfuil ceannoifig an tsoláthraí, tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát sin,

(ii) mura bhfuil feidhm ag fo-alt (i) ach gurb amhlaidh a fheidhmíonn cuid shuntasach den lucht saothair, ag a bhfuil baint le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc a bhaineann le cláir, sa Bhallstát ina ndéantar cinntí eagarthóireachta ábhartha, tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát sin, agus

(iii) mura bhfuil feidhm ag fo-alt (i) nó (ii), tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát inar thosaigh sé nó sí a ghníomhaíocht nó a gníomhaíocht ar dtús i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin, ar choinníoll go gcoinníonn sé nó sí nasc cobhsaí agus éifeachtach ar bun le geilleagar an Bhallstáit sin;

(c) má tá an áit a bhfuil ceannoifig an tsoláthraí agus an áit a ndéantar na cinntí eagarthóireachta ábhartha éagsúil le chéile, agus mura bhfuil ach ceann amháin díobh i mBallstát, tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát sin, ar choinníoll go n-oibríonn cuid shuntasach den lucht saothair, ag a bhfuil baint le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc, sa Bhallstát sin.

(6) Sa chuid seo—

ciallaíonn “gníomhaíocht seirbhíse meán closamhairc” gníomhaíocht a bhaineann leis an tseirbhís meán closamhairc lena mbaineann;

ciallaíonn “cinntí eagarthóireachta ábhartha” cinntí eagarthóireachta maidir leis an tseirbhís meán closamhairc lena mbaineann.